CONSTRUCTION SAFETY PARTNERSHIP
ADVISORY COMMITTEE

# BILEOG EOLAIS D'FHOSTAITHE DEANNACH SILICE

Scríobhadh an bhileog eolais seo d'fhostaithe agus d'ionadaithe sábháilteachta, go príomha, chun feasacht a mhéadú faoi shláinte agus sábháilteacht san ionad oibre.

## IS CEART OIBRÍ É LÁITHREÁN AEIR GHLAIN

HSA
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

STRONGER TOGETHER
CONGRESS
Irish Congress of Trade Unions

Construction Industry Federation

## DEANNACH SILICE (RCS) CÉARD É FÉIN?

Is substaint nádúrtha í Silice Chriostalta Inanálaithe (RCS) a mbíonn méideanna éagsúla di i bhformhór na gcarraigeacha, an ghainimh agus na cré. Is comhábhar mór í silice freisin d'ábhair thógála ar nós brící, tíleanna, coincréite, moirtéil agus cloch a ndearnadh innealtóireacht uirthi.

Is guais thromchúiseach é deannach silice d'oibrithe tógála. Is féidir le hobair leis na hábhair sin deannach an-mhín a chruthú atá an-éasca le hionanálú, rud a d'fhéadfadh fadhbanna sláinte tromchúiseacha fadtéarmacha a chruthú mura mbainistítear i gceart é.





## GALAIR A EASCRAÍONN AS DEANNACH SILICE?

D'fhéadfadh deannach silice a bheith ina chúis le galair thromchúiseacha scamhóg ar nós sileacóise agus ailse. Nuair a bhíonn an deannach silice sna scamhóga, d'fhéadfadh sé at (athlasadh) a chruthú agus, de réir a chéile, fíochán scamhóg a bheadh crúite agus coilm air (fiobróis). Is féidir le méid beag fiú an dochar sin a dhéanamh.

## COMHARTHAÍ AGUS SIOMPTÓIM

D'fhéadfadh sileacóis tarlú tar éis fiú cúpla mí de nochtadh trom mura mbíonn na bearta rialaithe cuí i bhfeidhm. I measc na siomptóm a bhaineann le sileacóis tá casacht leanúnach, gearranáil agus tuirse ollmhór.

# NODA NÓTÁILTE CHUN DEANNACH SILICE A LAGHDÚ

- **Chun smacht a choinneáil ar leathadh an deannaigh silice, úsáid an trealamh ceart, mar shampla:**
- úsáid uirlisí agus trealamh a bhfuil eastarraingteoirí orthu chun deannach a bhailiú le linn gearradh, druileála nó cnagmhaisiú,
- úsáid sochtadh uisce más féidir (uirlisí neamhleictreacha) e.g. sábha coincréite,
- úsáid scoilteoirí leac pábhála agus bloc in áit iad a ghearradh,
- úsáid folúsghlantóirí fliucha/tirime ina bhfuil scagaire HEPA chun deannach a bhailiú,
- cuir uisce ar limistéir roimh an nglantachán, agus aird mar is cuí ar threalamh leictreach.



# MAISC DEANNAIGH (RPE)

Is é an trealamh cosanta análaithe, nó RPE, do líne dheiridh chosanta. Má tá gá le RPE, teastóidh:

- masc análaitheora leath-aghaidhe nó aghaidhe iomláine in-athúsáidte le scagaire P3, nó
- masc análaitheora indiúscartha FFP3.

Seiceáil do mhasc i gcónaí agus cinntigh gur marcáladh é mar FFP3 nó P3 agus go bhfuil marcáil EC air. Ba cheart go n-oirfeadh tomhas an mhaisc duit agus ba cheart oiliúint a chur ar dhaoine a úsáideann maisc faoin gcaoi leis na maisc a úsáid agus an uair a chaithfear iad a athrú.



Masc análaitheora leath-aghaidhe nó aghaidhe iomláine in-athúsáidte le scagaire P3




Masc Análaitheora Indiúscartha FFP3

# TACAÍOCHTAÍ D'FHOSTAITHE

Ó 2004, tá Construction Workers Health Trust (CWHT) ag cur scrúduithe sláinte ar fáil le haghaidh níos mó ná 75,000 oibrí tógála in Éirinn ina n-ionaid oibre féin. Baineann CWHT leas as an trealamh diagnóiseach iniompartha is nuaí. Tugtar torthaí na dtástálacha ar fad don oibrí láithreach bonn. Faigheann gach oibrí leabhrán 'Good Health Booklet' freisin ina mínítear torthaí na dtástálacha ar fad.

**Construction Workers Health Trust**
**Guthán:** 01-7093070
**Facs:** 01-6120570
**Ríomhphost:** info@cwht.ie

CWHT Construction Workers Health Trust

## Cúnamh Uait?

Is é an Lighthouse Club carthanas an tionscail tógála, agus cuireann siad tacaíocht mhothúchánach, fhisiciúil agus folláine airgeadais ar fáil SAOR IN AISCE don phobal tógála agus dá dteaghlaigh. Má tá tú féin nó aon duine ar d'aithne ag streachailt, iarr tacaíocht saor in aisce agus rúnda 24/7.

**The Lighthouse Club**
**Guthán:** 1800 939 122
**Téacs:** HARDHAT to 50808
**Idirlíon:** www.constructionindustryhelpline.com

Lighthouse The Construction Industry Charity CLUB

# FAISNÉIS BHREISE

HSA.ie | BeSMART.ie | hsalearning.ie
0818 289 389 contactus@hsa.ie